Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

13635/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0129 (COD)**

CODEC 1466
PI 175
PHARM 137

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ceadúnú éigeantach le haghaidh bainistiú géarchéime agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 816/2006 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 27 Aibreán 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagail 114 agus 207 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 20 Meán Fómhair 2023[2].

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 13 Márta 2024[3].

4. An 13 Meitheamh 2025, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air maidir leis an Rialachán thuasluaite[4], tar éis plé neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.

[1] 8901/23 + ADD 1 go 5.
[2] IO C, C/2023/865, 8.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/865/oj
[3] 10634/24.
[4] 9765/25.

5. An 24 Meitheamh 2025, dhearbhaigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI) an comhaontú sealadach. Ina dhiaidh sin, chuir Cathaoirleach an Choiste litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe á rá gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air[5].

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle go ndéanfaidh sí an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a leagtar amach in 10498/25 agus an ráiteas ar chúiseanna a leagtar amach in 10498/25 ADD 1 a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

[5] 11109/25.